# BAGÁISTE BOILG

# AN LIOSTA DE MHÍREANNA TOIRMISCTHE

Ní ceadmhach do phaisinéirí na míreanna seo a leanas a iompar ina mbagáiste boilg:
*Pléascáin agus substaintí agus gléasanna loiscneacha* – pléascáin agus substaintí agus gléasanna loiscneacha is féidir a úsáid chun gortú trom a dhéanamh nó chun sábháilteacht an aerárthaigh a chur i gcontúirt, lena n-áirítear:

– Armlón

– Caipíní pléasctha

– Maidhmitheoirí agus aidhníní

– Mianaigh, gránáidí agus stóir mhíleata phléascacha eile

– Tinte ealaíne agus cineálacha eile piriteicnice

– Ceanastair ghiniúna deataigh agus cartúis ghiniúna deataigh

– Dinimít, púdar gunna agus pléascáin phlaisteacha